Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 29 Márta 2019
(OR. en, de)

7881/19
ADD 1

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0012(COD)**

CODEC 790
TRANS 226
MAR 79
ENV 346
IA 111

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Treoir 2005/35/CE maidir le truailliú ó longa, comhlánaíonn sé an creat dlí de chuid an Aontais lena rialaítear sceitheadh ábhar truailliúcháin ó longa, lena n-áirítear freisin an Treoir maidir le saoráidí glactha ag calafoirt le haghaidh dramhaíl ó longa a sheachadadh ('an Treoir maidir le Saoráidí Glactha ag Calafoirt'), agus déanann sí sin trí shásraí dlí de chuid an Aontais a chur ar fáil chun na rialacháin maidir le sceitheadh faoi Choinbhinsiún MARPOL a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú. Chun na críche sin, ba cheart go dtabharfadh Treoir 2005/35/CE san áireamh raon feidhme na Treorach maidir le Saoráidí Glactha ag Calafoirt, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na hábhair truailliúcháin agus na sruthanna dramhaíola.

Ós rud é nach gcumhdaítear faoin Treoir 2005/35/CE reatha ach na hábhair agus na rialacháin maidir le sceitheadh a thagann faoi Iarscríbhinní I agus II Choinbhinsiún MARPOL, agus ós rud é dá réir sin nach bhfuil sí ailínithe go hiomlán, i dtaca le raon feidhme, leis an Treoir maidir le Saoráidí Glactha ag Calafoirt (faoin Treoir nua maidir le Saoráidí Glactha ag Calafoirt cumhdófar dramhaíl mar a shainmhínítear é sin in Iarscríbhinní I, II, IV agus VI Choinbhinsiún MARPOL, agus tagraítear ann freisin do na noirm sceite sna hIarscríbhinní sin Choinbhinsiún MARPOL), tugann an Coimisiún éileamh an chomhreachtóra dá aire, is é sin go ndéanfaí a mheas an gá Treoir 2005/35/CE a athbhreithniú chun foráil a dhéanamh maidir le creat reachtach leordhóthanach lena dtabharfaí aghaidh ar an truailliú ó longa.

Dá bhrí sin, agus tagairt á déanamh d'aithris 23a den Treoir atá beartaithe maidir le Saoráidí Glactha ag Calafoirt, níor mhiste leis an gCoimisiún, mar is iomchuí, smaoineamh ar thabhairt faoin bpróiseas chun Treoir 2005/35/CE a athbhreithniú.

## **Ráiteas ón nGearmáin**

I bprionsabal, tacaíonn Poblacht Chónaidhme na Gearmáine leis an athbhreithniú ar Threoir 2000/59/CE agus na haidhmeanna faoina réir. Is mór an díol sásaimh dúinn an t-ailíniú a bhfuil gá leis idir dlí an Aontais agus an creat dlí idirnáisiúnta ionas gur fearr is féidir an mhuirthimpeallacht a chosaint ar dhramhaíl ó longa.

Mar sin féin, tá Poblacht Chónaidhme na Gearmáine i gcoinne socruithe éigeantacha maidir le córais gnóthaithe costas a thabhairt isteach in ionad socruithe deonacha, amhail dá bhforáladh sa togra bunaidh in Airteagal 8(4b) den Treoir athbhreithnithe. Sa chomhréiteach ní chuirtear san áireamh mar is ceart na difríochtaí atá ann ó thaobh mhéid agus struchtúr na gcalafort de. Cuirimid i dtreis gur faoi réim inniúlacht na mBallstát a bheadh cinntí dá sórt maidir le táillí calafoirt. Ar an mórgóir, ní fhéadfaidh Poblacht Chónaidhme na Gearmáine tacú leis an gcomhaontú ar thángthas air ag an tríú cruinniú tríthaobhach.